BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an tOchtú Dlísheomra)

1 Lúnasa 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Trádmharcanna – Treoir (AE) 2015/2436 – Airteagal 10 – Cearta eisiacha dhílseánach an trádmhairc chláraithe chun cur i gcoinne úsáid comhartha ag tríú páirtí atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc sin – Imeachtaí um shárú – Teorainneacha ar chearta eisiacha dhílseánach an trádmhairc sin – Airteagal 9 agus Airteagal 18(1) – Teorannú mar thoradh ar thoiliú – Cineál uileghabhálach na gcoinníollacha faoina bhféadfaí an teorannú sin a dhéanamh – Neamhfheidhmeacht phrionsabal ginearálta an dlí náisiúnta lena bhforáiltear do theorannú an chirt chun cosc a chur ar úsáid comhartha i gcásanna seachas na cásanna dá bhforáiltear sna hAirteagail sin)

I gCás C-452/24,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Korkein oikeus (an Chúirt Uachtarach, an Fhionlainn), trí bhreith an 26 Meitheamh 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 26 Meitheamh 2024, sna himeachtaí

Lunapark Scandinavia Oy Ltd

v

Hardeco Finland Oy,

tugann AN CHÚIRT (an tOchtú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: S. Rodin, Uachtarán Dlísheomra, N. Piçarra agus O. Spineanu-Matei (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: D. Spielmann,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Lunapark Scandinavia Oy Ltd, ag J. Hatanmaa, asianajaja,

– Rialtas na Fionlainne, ag M. Pere, i gcáil Gníomhaire,

* Teanga an cháis: an Fhionlainnis.

– an Coimisiún Eorpach, ag P. Němečková, J. Samnadda agus T. Sevón, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 10 de Threoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna (IO 2015 L 336, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Lunapark Scandinavia Oy Ltd ('Lunapark') agus Hardeco Finland Oy ('Hardeco') maidir le díol táirgí milseogra ag Hardeco lena sáraítear an trádmharc arb é Lunapark a dhílseánach.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Luaitear in aithris 10 de Threoir 2015/2436:

'Tá sé fíor-riachtanach a áirithiú go bhfuil an chosaint chéanna ag trádmharcanna cláraithe i gcórais dlí na mBallstát uile. [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 9 den Treoir sin, dar teideal 'Teorannú ar dhearbhú neamhbhailíochta mar thoradh ar thoiliú':

'1. I gcás, i mBallstát, inar thoiligh dílseánach trádmhairc a cláraíodh níos luaithe dá dtagraítear in Airteagal 5(2) nó Airteagal 5(3)(a), ar feadh thréimhse 5 bliana as a chéile, le trádmharc níos déanaí a cláraíodh sa Bhallstát sin a bheith in úsáid agus é ar an eolas faoin úsáid sin, ní bheidh an dílseánach sin i dteideal tuilleadh iarratas a dhéanamh, ar bhonn an trádmhairc a cláraíodh níos luaithe, ar dhearbhú go bhfuil an trádmharc a cláraíodh níos déanaí neamhbhailí i leith na n-earraí nó na seirbhísí dá raibh an trádmharc níos déanaí in úsáid, mura rud é gur de mheon mímhacánta a rinneadh an t-iarratas ar an trádmharc a cláraíodh níos déanaí a chlárú.

2. Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go mbeidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir le dílseánach aon chirt eile a tugadh níos luaithe dá dtagraítear in Airteagal 5(4)(a) nó (b).

3. Sna cásanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, ní bheidh dílseánach trádmhairc a cláraíodh níos déanaí i dteideal cur i gcoinne úsáid an chirt a tugadh níos luaithe, d'ainneoin nach bhféadfaí an ceart sin a agairt a thuilleadh i gcoinne an trádmhairc níos déanaí.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 10 den Treoir sin, dar teideal ‘Cearta a thugtar le trádmharc’:

‘1. Le clárú trádmhairc, tabharfar cearta eisiacha don dílseánach ann.

2. Gan dochar do chearta dílseánach a gnóthaíodh roimh dháta comhdaithe nó roimh dháta tosaíochta an trádmhairc chláraithe, beidh dílseánach an trádmhairc sin i dteideal cosc a chur ar gach tríú páirtí nach bhfuil toiliú an dílseánaigh aige nó aici úsáid a bhaint as aon chomhartha i gcúrsa trádála, maidir le hearraí nó seirbhísí, más rud é:

(a) go bhfuil an comhartha comhionann leis an trádmharc agus go mbaintear úsáid as maidir le hearraí nó le seirbhísí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmharc cláraithe ina leith;

(b) go bhfuil an comhartha comhionann leis, nó cosúil leis an trádmharc agus go mbaintear úsáid as maidir le hearraí nó seirbhísí atá comhionann nó cosúil leis na hearraí nó seirbhísí ar cláraíodh an trádmharc ina leith, más rud é gur dócha go mbeadh mearbhall ar an bpobal; áirítear leis an dóchúlacht mearbhaill an dóchúlacht comhthiomsaithe idir an comhartha agus an trádmharc;

(c) go bhfuil an comhartha comhionann leis nó cosúil leis an trádmharc is cuma cé acu an mbaintear nó nach mbaintear úsáid as maidir le hearraí nó le seirbhísí atá comhionann leo siúd, cosúil leo siúd, nó neamhchosúil leo siúd ar cláraíodh an trádmharc ina leith, más rud é go bhfuil clú ar an gceann deireanach sin san Aontas agus más rud é go mbaineann úsáid an chomhartha sin gan cúis chuí buntáiste éagórach as saintréith nó clú an trádmhairc, nó go ndéanann sé dochar dóibh.

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 18(1) den Treoir sin, dar teideal ‘Ceart idirghabhála an dílseánaigh trádmhairc a cláraíodh níos déanaí mar chosaint in imeachtaí um shárú’:

‘Le linn imeachtaí um shárú, ní bheidh dílseánach trádmhairc i dteideal úsáid trádmhairc a cláraíodh níos déanaí a chosc más rud é nach ndearbhófaí an trádmharc sin a cláraíodh níos déanaí a bheith neamhbhailí de bhun Airteagal 8, Airteagal 9(1) nó (2) nó Airteagal 46(3).’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Fionlainne

7 Rinneadh Treoir 2015/2436 a thrasuí i ndlíchóras na Fionlainne leis an tavaramerkkilaki (544/2019) (an Dlí maidir le Trádmharcanna (544/2019)) an 26 Aibreán 2019, a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

8 De bhun § 5 den Dlí maidir le Trádmharcanna, cuirtear cosc ar úsáid comhartha i gcúrsa trádála, gan toiliú dhílseánach an trádmhairc, maidir le hearraí nó seirbhísí, ar an gcéad dul síos, atá comhionann le trádmharc arna chlárú nó arna fháil trína mbaintear úsáid as maidir le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leo agus, ar an dara dul síos, comhartha gur dócha mearbhall a chruthú don phobal toisc go bhfuil sé comhionann nó cosúil le trádmharc a fuarthas trí chlárú nó trí úsáid a bhaint as maidir le hearraí nó seirbhísí atá comhionann nó comhchosúil leo.

9 Faoi § 6(1) den Dlí maidir le Trádmharcanna, tá sé de cheart ag dílseánach trádmhairc cosc a chur ar úsáid comhartha, de réir bhrí § 5 den Dlí sin, go háirithe trí úsáid a bhaint as an gcomhartha sin maidir le hearraí nó seirbhísí, trína ghreamú de phacáistíocht earraí nó trí earraí a thairiscint, a chur ar an margadh nó a allmhairiú faoin gcomhartha sin.

10 De réir § 15 den Dlí sin, a bhaineann le héifeacht neamhghníomhaíocht dhílseánach an trádmhairc, ní mór an ceart eisiach a thugtar le trádmharc a choinneáil i gcomhar le trádmharc níos luaithe, más rud é go ndearnadh iarratas ar chlárú an trádmhairc níos déanaí de mheon macánta nó más rud é gur úsáideadh an trádmharc níos déanaí a fuarthas trí úsáid a bhaint as de mheon macánta agus nár ghlac dílseánach an trádmhairc níos luaithe gníomhartha chun úsáid an trádmhairc níos déanaí a chosc laistigh de thréimhse 5 bliana ón tráth a tháinig sé ar an eolas faoin úsáid sin.

11 Foráiltear le § 62 den Dlí sin, i gcás ina sáraíonn duine ceart eisiach i leith trádmhairc, go bhféadfaidh an chúirt, ar phian íocaíochta pionósaí tréimhsiúla, cosc a chur air leanúint leis an ngníomh is cúis leis an sárú nó é a athdhéanamh.

12 De réir § 63(1)(1) den Dlí maidir le Trádmharcanna, ní fhéadfaidh an chúirt cosc a chur ar thrádmharc níos déanaí a úsáid más rud é go bhfuil dílseánach an trádmhairc níos luaithe lena mbaineann fós neamhghníomhach, de réir bhrí § 15 den Dlí sin.

13 Leagtar síos le § 70 den Dlí sin an tréimhse theorann don cheart chun cúitimh agus damáistí mar gheall ar shárú ar chearta trádmhairc agus foráiltear leis, i mír 1 de, nach féidir cúiteamh agus damáistí a éileamh ach amháin ar feadh na tréimhse 5 bliana roimh thionscnamh na caingne chuige sin.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

14 Is é Lunapark dílseánach an trádmhairc DRACULA a comhdaíodh an 29 Lúnasa 2003 agus a cláraíodh an 14 Lúnasa 2009 faoi uimhir 246144 maidir le táirgí milseogra. Déanann sé táirgí den sórt sin ar a bhfuil an focalmharc DRACULA agus comharthaí fíortha a léiríonn carachtar Dracula ar an bpacáistíocht a allmhairiú agus a chur ar mhargadh na Fionlainne.

15 Sular chláraigh Lunapark an trádmharc sin, rinne Karkkimies Oy – Candyman Ltd (‘Karkkimies’) táirgí milseogra ar a raibh an comhartha Dracula a allmhairiú agus a chur ar an margadh sin. Ní raibh aon chearta eisiacha ag Karkkimies, maidir leis na comharthaí a d’úsáid sé, a fuarthas trí chlárú nó trí úsáid a bhaint as agus ní raibh aon chomhaontú ann idir Karkkimies agus Lunapark maidir leis an gceart an trádmharc DRACULA a úsáid.

16 An 31 Deireadh Fómhair 2019, cheannaigh Hardeco Karkkimies agus lean sé dá ghníomhaíocht. Dá bhrí sin, ó mhí na Samhna 2019, thosaigh Hardeco ar tháirgí milseogra ar a bhfuil an focal ‘Dracula’ agus comharthaí fíortha a léiríonn an carachtar comhfhreagrach ar an bpacáistíocht a allmhairiú agus a chur ar an margadh sin.

17 An 6 Deireadh Fómhair 2020, thionscain Lunapark caingean os comhair an markkinaoikeus (an Chúirt Eacnamaíoch, an Fhionlainn), inar iarr sé ar an gcúirt sin a dhearbhú gur sháraigh iompar Hardeco a cheart eisiach maidir le marc DRACULA, cosc a chur ar an sárú sin agus cúiteamh a fháil as an damáiste a d’eascair as.

18 D'áitigh Hardeco gur cheart an chaingean sin a dhíbhe ar an bhforas, *inter alia*, gur chaill Lunapark a cheart chun caingean a thionscnamh mar thoradh ar shárú ar an trádmharc DRACULA mar gheall ar a neamhghníomhaíocht. Mhaígh Hardeco nach raibh ach cleachtas seanbhunaithe Karkkimies á leanúint aige, cleachtas nár chuir Lunapark ina choinne riamh.

19 Le breithiúnas an 21 Nollaig 2022, chinn an markkinaoikeus (an Chúirt Mhargaidh) go raibh an comhartha agus an marc atá faoi chonspóid comhionann agus gur úsáideadh iad maidir leis na hearraí céanna agus gur chruthaigh an úsáid a bhain Hardeco as an gcomhartha sin dóchúlacht mearbhaill ar an phobal ábhartha leis an trádmharc DRACULA. Chinn an chúirt sin nár chuir úsáid chomhthreomhar na gcomharthaí céanna ag Lunapark agus Karkkimies thar thréimhse fhada an dóchúlacht sin as an áireamh, ós rud é nár thug an úsáid sin ar an bpobal idirdhealú a dhéanamh idir milseogra arna n-allmhairiú ag ceann de na cuideachtaí sin agus iad siúd a d'allmhairigh an ceann eile.

20 Mar sin féin, rinne an chúirt sin éilimh Lunapark a dhíbhe. Dar léi, ní raibh forálacha an Dlí maidir le Trádmharcanna a bhaineann le hiarmhairtí neamhghníomhaíochta an dílseánaigh trádmhairc infheidhme sa chás seo, ós rud é nach raibh ceart eisiach ag Hardeco ar na comharthaí a d'úsáid sé. Mar sin féin, i gcomhréir le prionsabal atá cumhdaithe den chuid is mó i ndlí príobháideach na Fionlainne, ní mór d'iarratasóir caingean a thionscnamh nó a ceart a dhearbhú laistigh de thréimhse réasúnta ama tar éis dó nó di a bheith ar an eolas faoi na fíorais ar a bhfuil a éileamh bunaithe nó tar éis dó nó di a bheith ar an eolas fúthu. Sa chás seo, mhair neamhghníomhaíocht Lunapark chomh fada sin gur chaill sé a cheart chun imeachtaí um shárú a thionscnamh i gcoinne Hardeco trí na cearta a thugtar leis an trádmharc DRACULA a dhearbhú. Ní bhaineann sé le hábhar go n-úsáideann Hardeco an comhartha atá i gceist anois in ionad Karkkimies, ós rud é gur bhain gníomhaíochtaí Hardeco leis na táirgí milseogra céanna agus a chuir Karkkimies ar an margadh, a raibh Lunapark fós neamhghníomhach ina leith.

21 Rinne Lunapark achomharc i gcoinne bhreithiúnas an markkinaoikeus (an Chúirt Mhargaidh) os comhair an Korkein oikeus (an Chúirt Uachtarach), arb í an chúirt a rinne an tarchur.

22 Mar thaca lena achomharc, áitíonn Lunapark nach féidir prionsabal ginearálta an dlí phríobháidigh, ar a bhfuil an markkinaoikeus (an Chúirt Mhargaidh) ag brath, a chur i bhfeidhm sa chás seo, ós rud é gurb ionann sin agus srian a chur ar an gceart eisiach a thugann trádmharc dá dhílseánach, de shárú ar Threoir 2015/2436. Thairis sin, áitíonn Lunapark, in aon chás, gur ghníomhaigh sé laistigh de thréimhse réasúnta ama i gcoinne iompar Hardeco, ós rud é nach bhféadfadh a neamhghníomhaíocht i leith Karkkimies, in aon chás, dul chun tairbhe Hardeco. Os a choinne sin, maíonn Hardeco nach gcuirtear cosc le haon fhoráil den Treoir sin ar chur i bhfeidhm phrionsabal ginearálta an dlí phríobháidigh sin sa chás seo agus ar neamhghníomhaíocht an dílseánaigh trádmhairc ó na hiarmhairtí beartaithe a bheith aige do cheart an dílseánaigh sin úsáid an trádmhairc sin a chosc.

23 De réir na cúirte a rinne an tarchur, níor tugadh aghaidh go fóill i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais ar an gceist an gcuirtear cosc le hAirteagal 10(2) agus (3) de Threoir 2015/2436 ar phrionsabal den sórt sin a chur i bhfeidhm.

24 Is é sin an fáth a bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhféadfadh dílseánach trádmhairc, mar gheall ar a neamhghníomhaíocht, a cheart a chailleadh chun cosc a chur ar thríú páirtí comhartha a úsáid ar bhealach a dhéanann difear do cheann d'fheidhmeanna an trádmhairc sin, nó ar dócha go ndéanfadh sé difear do cheann d'fheidhmeanna an trádmhairc sin, i gcás seachas teorannú mar thoradh ar thoiliú dá bhforáiltear le Treoir 2015/2436.

25 Sna himthosca sin, chinn an Korkein oikeus (an Chúirt Uachtarach) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

‘An gcuirtear bac le hAirteagal 10 [de Threoir 2015/2436] i gcás um shárú ar thrádmharc, ar chur i bhfeidhm phrionsabal náisiúnta, ar dá réir go mbeadh dílseánach thrádmharc in ann, i gcásanna nach gcumhdaítear le hAirteagal 18(1) nó Airteagal 9(1) nó (2) den Treoir [sin], a cheart a fheidhmiú faoi Airteagal 10(2) agus (3) chun cosc a chur ar thríú páirtí comhartha a úsáid a ndéanann a úsáid difear, nó ar dócha go ndéanfadh a úsáid difear do cheann d’fheidhmeanna an trádmhairc, ar an bhforas nár chuir sé iarratas isteach, laistigh de thréimhse réasúnta, chun úsáid den sórt sin a chosc, agus é ar an eolas faoi úsáid an trádmhairc?’

An cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

26 Lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 10 de Threoir 2015/2436 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar infheidhmeacht phrionsabal ginearálta an dlí náisiúnta lena bhforáiltear do theorannú cheart dhílseánach an trádmhairc chláraithe chun cosc a chur ar úsáid comhartha ag tríú páirtí atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc sin maidir le hearraí atá comhionann nó cosúil leo siúd ar cláraíodh an trádmharc sin ina leith, i gcás seachas an cás dá dtagraítear in Airteagal 18(1) den Treoir sin, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 9(1) nó (2) den Treoir sin.

27 Chun an cheist sin a fhreagairt, ní mór a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, faoi Airteagal 10(1) de Threoir 2015/2436, go dtugtar le clárú trádmhairc, cearta eisiacha don dílseánach ann. I gcomhréir le hAirteagal 10(2) den Treoir sin, tá an dílseánach sin i dteideal cosc a chur ar gach tríú páirtí nach bhfuil a thoiliú aige úsáid a bhaint, i gcúrsa trádála, as comhartha atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc sin, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) de mhír 2.

28 Le hAirteagal 10 de Threoir 2015/2436, comhchuibhítear go hiomlán na rialacha a bhaineann leis na cearta a thugtar le trádmharc agus sainítear na cearta atá ag dílseánaigh trádmharcanna san Aontas Eorpach (breithiúnas an 27 Deireadh Fómhair 2022, *Soda-Club (CO2) agus SodaStream International*, C-197/21, EU:C:2022:834, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

29 Ar an dara dul síos, cuirtear srian le hAirteagal 18(1) de Threoir 2015/2436 ar cheart an dílseánaigh trádmhairc cosc a chur ar úsáid trádmhairc a cláraíodh níos déanaí in imeachtaí um shárú i gcás nach ndearbhódh an trádmharc sin a cláraíodh níos déanaí a bheith neamhbhailí, *inter alia*, de bhun Airteagal 9(1) nó (2) den Treoir sin, maidir le teorannú an iarratasóra ar dhearbhú neamhbhailíochta mar thoradh ar thoiliú.

30 I gcomhréir leis an bhforáil dheireanach sin, maidir le dílseánach trádmhairc níos luaithe a thoiligh i mBallstát le trádmharc níos déanaí a cláraíodh sa Bhallstát sin a úsáid ar feadh thréimhse 5 bliana as a chéile agus eolas aige ar an úsáid sin, ní fhéadfaidh sé iarratas a dhéanamh a thuilleadh ar dhearbhú neamhbhailíochta an trádmhairc sin a cláraíodh níos déanaí, ar bhonn an trádmhairc níos luaithe sin, maidir leis na hearraí nó na seirbhísí ar úsáideadh an trádmharc níos déanaí sin ina leith, mura ndearnadh iarratas ar chlárú an trádmhairc chéanna níos déanaí de mheon mímhacánta.

31 Go háirithe, maidir le teorannú mar thoradh ar thoiliú in imeachtaí neamhbhailíochta, chinn an Chúirt Bhreithiúnais, i mír 33 de bhreithiúnas an 22 Meán Fómhair 2011, *Budějovický Budvar* (C-482/09, EU:C:2011:605), go dtugtar le hAirteagal 9 den chéad Treoir 89/104/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1988 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna (IO 1989 L 40, lch. 1), arb é Airteagal 9 de Threoir 2015/2436 anois, comhchuibhiú iomlán ar na coinníollacha faoina bhféadfaidh dílseánach trádmhairc a cláraíodh níos déanaí a chearta sa mharc sin a choinneáil i gcás ina ndéanann dílseánach trádmhairc chomhionainn níos luaithe iarratas ar dhearbhú neamhbhailíochta an trádmhairc sin níos déanaí.

32 Ós rud é go mbaineann Airteagal 18(1) de Threoir 2015/2436 agus Airteagal 9(1) nó (2) de, dá dtagraítear sa chéad cheann de na forálacha sin, le coinbhleacht a d'fhéadfadh a bheith ann idir dhá mharc chláraithe, is féidir an cásdlí sin a bhaineann le teorannú mar thoradh ar thoiliú in imeachtaí neamhbhailíochta a chur i bhfeidhm maidir leis an teorannú mar thoradh ar thoiliú i gcaingean um shárú a tionscnaíodh i gcoinne trádmharc a cláraíodh níos déanaí.

33 Dá bhrí sin, comhchuibhítear go hiomlán le hAirteagal 18(1) den Treoir sin na coinníollacha faoina bhféadfar na cearta eisiacha a thugtar le trádmharc a theorannú i gcás neamhghníomhaíochta ar thaobh a dhílseánaigh agus ní fhoráiltear leis ach amháin, faoi choinníollacha áirithe, do thoiliú trádmhairc a cláraíodh níos déanaí, ach ní do chomhartha neamhchosanta nach dtugann aon chearta eisiacha.

34 Sa chás seo, mar is léir ón ordú tarchuir, in ainneoin gur thosaigh úsáid an chomhartha Dracula ag Karkkimies ar dháta roimh chlárú an trádmhairc DRACULA ag Lunapark, ní bhfuair Karkkimies ná Hardeco ceart eisiach i leith an chomhartha sin trí chlárú nó tríd an úsáide sin, rud a bheidh faoin gcúirt a rinne an tarchur a fhíorú, áfach.

35 Is sa chomhthéacs sin, gan amhras a chaitheamh ar neamhinfheidhmeacht Airteagal 18(1) de Threoir 2015/2436, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 9(1) nó (2) den Treoir sin, i gcomhthéacs na caingne um shárú sna príomhimeachtaí, go n-iarrann an chúirt sin, áfach, an bhféadfadh teorannú ar an gceart a thugtar do dhílseánach an trádmhairc DRACULA chun cur i gcoinne úsáid an chomhartha Dracula a bheith bunaithe ar phrionsabal ginearálta an dlí náisiúnta faoina gcuirtear cosc ar chearta an dílseánaigh trádmhairc mar gheall ar a neamhghníomhaíocht laistigh de thréimhse réasúnta.

36 I ndáil leis sin, mar is léir ón méid sin roimhe seo agus mar a áitíonn Rialtas na Fionlainne ina bharúlacha i scríbhinn, ní féidir le cúirt náisiúnta, i ndíospóid a bhaineann leis an gceart eisiach a thugtar le trádmharc, feidhmiú an chirt sin a theorannú thar an méid dá bhforáiltear in Airteagal 18(1) de Threoir 2015/2436, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 9(1) nó (2) di.

37 Bhainfeadh léiriú contrártha ar Airteagal 10 agus Airteagal 18(1) de Threoir 2015/2436 an bonn den chuspóir atá á shaothrú leis an Treoir sin, arb é atá ann, *inter alia*, mar a luaitear in aithris 10 di, cosaint aonfhoirmeach a áirithiú do thrádmharcanna cláraithe i gcórais dlí na mBallstát go léir.

38 I bhfianaise na gcúiseanna go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 10 de Threoir 2015/2436 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar infheidhmeacht phrionsabal ginearálta an dlí náisiúnta lena bhforáiltear do theorannú cheart dhílseánach an trádmhairc chláraithe chun cosc a chur ar úsáid comhartha ag tríú páirtí atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc sin maidir le hearraí atá comhionann nó cosúil leo siúd ar cláraíodh an trádmharc sin ina leith, i gcás seachas an cás dá dtagraítear in Airteagal 18(1) den Treoir sin, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 9(1) nó (2) den Treoir sin.

Costais

39 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an tOchtú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 10 de Threoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leis ar infheidhmeacht phrionsabal ginearálta an dlí náisiúnta lena bhforáiltear do theorannú cheart dhílseánach an trádmhairc chláraithe chun cosc a chur ar úsáid comhartha ag tríú páirtí atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc sin maidir le hearraí atá comhionann nó cosúil leo siúd ar cláraíodh an trádmharc sin ina leith, i gcás seachas an cás dá dtagraítear in Airteagal 18(1) den Treoir sin, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 9(1) nó (2) den Treoir sin.

[Sínithe]